

Stádas Sibhialta

11 rogha a dhéanann cur síos ar chaidreamh idir bheirt de réir an dlí:

1. Singil
2. Pósta
3. Páirtí Sibhialta
4. Colscartha
5. Comháitritheoir
6. Scartha go breithiúnach
7. Scartha
8. Iar-pháirtí Sibhialta
9. Baintreach/Baintreach Fir
10. Páirtí sibhialta a mhaireann
11. Ní fios

Mura mbíonn an Stádas Sibhialta ar eolas roghnaítear “Ní fios” go ndeimhnítear an stádas.

Sainmhíniú ar Stádas Sibhialta (mar a aithnítear i nDlí na hÉireann é):

Rogha	Sainmhíniú
Singil	Duine nár phós ná nach ndeachaigh isteach i bpáirtinéireacht shibhialta riamh.
Pósta	Duine nó beirt d’inscne ar bith a bhfuil pósadh cláraithe acu leis an Stát.
Páirtí Sibhialta	Duine ar duine de bheirt den inscne céanna é/í atá ina c(h)omhpháirtí cláraithe páirtinéireachta sibhialta a aithníonn an Stát agus nár scaoileadh ná nach bhfuil faoi réir ag foraithe neamhnithe.
Colscartha	Duine a bhíodh pósta agus ar glacadh le foraithe colscartha ina c(h)ás sa chúirt chuí faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó a aithnítear mar sin i ndlí na hÉireann.
Comháitritheoir	Is ionann comháitritheoir agus duine de bheirt fhásta (den inscne chéanna nó d’inscne éagsúla) a chónaíonn le chéile mar lánúin i ndlúthchaidreamh dúthrachtach agus nach bhfuil gaol acu lena chéile níos gaire ná na céimeanna ceadaithe gaoil, pósta lena chéile ná i bpáirtinéireacht shibhialta le chéile.
Scartha go breithiúnach	Duine ar bronnadh scaradh breithiúnach air/uirthe faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995 nó a aithnítear mar sin i nDlí na hÉireann.
Scartha	Duine a bhfuil scaradh aontaithe aige/aici ach nach bhfuil foraithe scartha bhreithiúnaigh faighte aige/aici faoin Acht um an Dlí Teaghlaigh, 1995.
Iar-pháirtí Sibhialta	Duine a bhíodh i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a scaoileadh (ach amháin má scaoileadh í trí phósadh lánúine a bhíodh go dtí sin i bpáirtinéireacht chláráithe shibhialta a chlárú).

Stádas Sibhialta

Baintreach/Baintreach Fir	Duine a bhíodh pósta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nár phós arís ó shin.
Páirtí Sibhialta a mhaireann	Duine a bhíodh i bpáirtnéireacht shibhialta agus ar cailleadh a c(h)éile agus nach ndeachaigh isteach i bpáirtnéireacht shibhialta eile ná nár phós ó shin.
Ní fios	Úsáidtear an rogha nuair nach bhfuil stádas sibhialta baill ar eolas agus nuair nach féidir teacht ar an eolas sin go héasca. Ní úsáidtear an rogha seo ach amháin go dtí gur féidir an stádas sibhialta a dheimhniú.